# GRETB – Maidir Linne

Údarás oideachais áitiúil reachtúil is ea Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin a fheidhmíonn de bhun théarmaí an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Soláthraíonn an Bord cláir oideachais phríomhshrutha do scoileanna agus coláistí chomh maith le raon leathan clár d'aosaigh agus don phobal. An limistéar oideachais atá faoi chúram an Bhoird Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe (Oileáin Árann san áireamh) agus Contae Ros Comáin.

## Ár bhFís

Cuireann ár scoileanna deiseanna foghlama ar ardchaighdeán ar fáil trí eispéiris leathana curaclaim, idir acadúil agus feidhmiúil. Tá fáil ar sheirbhísí tacaíochtaí do scoláirí trí na struchtúir tacaíochta tréadchúraim, treoir, creata foirne tacaíochta do scoláirí agus an Clár Críochnaithe Scoile. Reáchtálann ár scoileanna raon leathan gníomhaíochtaí eis-churaclaim agus comhchuraclaim a thagann lenár gcroí-luachanna. Éascaíonn na gníomhaíochtaí sin forbairt iomlánaíoch gach dalta agus cabhraíonn siad a lánacmhainneacht daonna, spioradálta agus acadúil a bhaint amach.

**Liosta Scoileanna agus Coláistí Iar-Bhunscoile GRETB** Scoileanna Iar-Bhunscoile - GRETB | Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

## Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta

**Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta**

Glacann iar-bhunscoileanna GRETB sa Ghaeltacht páirt sa -*Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta*, ar scéim aitheantais de chuid na Roinne Oideachais í do scoileanna atá ag feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Déanann scoileanna na Scéime tiomantas an teagasc agus an fhoghlaim ar fad a sheachadadh trí Ghaeilge agus, ar an gcaoi sin, timpeallacht shaibhir Ghaeilge a chur ar fáil agus tacú leis an nGaeltacht agus lena pobal ó thaobh na teanga agus an chultúir de.

**FOLÚNTAIS MHÚINTEOIREACHTA IAR-BHUNSCOILE LE GRETB**
**BLIAIN ACADÚIL 2026-2027**

**Coláiste Naomh Feichín (Scoileanna T1)**
**Corr na Mona, Co. na Gaillimhe**

**Teideal an Phoist: Múinteoir Iarbhunscoile (Eacnamaíocht Bhaile)**

**An Cineál Fostaíochta**: **Conradh Sainchuspóir (Clúdach Saoire Mháithreachais)**

Tá na ceapacháin seo faoi réir fhaomhadh na Roinne Oideachais agus Óige agus Stiúrthóir na Scéime Ath-imlonnaithe.

**Coláiste Naomh Feichín, Corr na Mona, Co. Na Gaillimhe *Teagasc trí mheán na Gaeilge:**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ábhar** | Eacnamaíocht Bhaile | 22 n-uair an chloig | Conradh Sainchuspóir (Clúdach Saoire Mháithreachais) | Lúnasa 2026 – Samhain 2026 |

Tá na ceapacháin seo faoi réir a bhfaofa ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus Stiúrthóir na Scéime Athlonnaíochta. Beidh iarratais arna bhfáil bailí le haghaidh a mbreithnithe suas go dtí an 1 Samhain 2026 i ndáil le folúntais Téarma Socraithe Pro Rata. Ní chuirfear ceapacháin a dhéantar tar éis an dáta sin ar thuarastal don chuid eile den bhliain acadúil 2026-2027.

Tá gach sonra maidir le cáilíochtaí, scála tuarastail agus coinníollacha seirbhíse ar fáil i Meamram V7 na Roinne Oideachais agus Óige.

## AN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

Roghnófar daoine bunaithe ar agallamh iomaíoch. Sa chás go bhfaighfear líon mór iarratas, d'fhéadfaí iarrthóirí a chur ar ghearrliosta le haghaidh agallaimh bunaithe ar an bhfaisnéis atá curtha ar fáil acu ar a bhfoirm iarratais.
Dícháileofar iarrthóirí má dhéanann siad canbhasáil.

Agus iarratas á dhéanamh agat don fheachtas seo, tabhair faoi deara go bhfuil tú ag tabhairt le fios gur spéis leat oibriú in aon cheann de na hiarbhunscoileanna GRETB arna liostú thuas:
**TÁBHACHTACH:**

- Seolfar gach agallamh i ndáil leis an bhfeachtas earcaíochta seo **trí mheán na Gaeilge amháin.**
- Éilítear ar iarratasóirí ar na folúntais a d'fhéadfadh teacht chun cinn inár Scoileanna Gaeltachta /Gaelcholáistí an Ceard Teastas Gaeilge a bheith acu, nó an Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iarbhunscoile nó an riachtanas Gaeilge a chomhlíonadh arna shonrú i gCiorclán 21/00 de chuid na Roinne Oideachais agus Óige.
- Is fostóir comhdheiseanna é Bord Oideachais agus Oiliúna Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin. Déanfar earcaíocht do phoist laistigh den GRETB ar bhonn toradh an agallaimh, rogha suímh agus Imréitigh Acmhainní Daonna sásúla a bheith faighte a n-áirítear leo sin: clárúchán bailí leis an gComhairle Mhúinteoireachta, Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, grinnfhiosrúchán a bheith faighte maidir le Sláinte Ceirde, cóipeanna cáilíochtaí agus dhá theistiméireacht.
- Tá Bord Oiliúna agus Oideachais na Gaillimhe agus Ros Comáin cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí.

## Conas Iarratas a Dhéanamh

**Ní mór iarratais a sheoladh isteach trí thairseach ar líne The Hire Lab agus <u>TRÍ SIN AMHÁIN</u> roimh 4.00 i.n. Dé hAoine, an 17 Lúil 2026** Ní ghlacfar ach le hiarratais a sheoltar isteach ar líne agus roimh an dáta deiridh. Is fút atá sé a chinntiú go mbeidh gach doiciméad istigh le d'iarratas le go ndéanfar breithniú air. Tabhair faoi deara go measfar an t-iarratas a bheith easnamhach mura mbeidh gach ceann de na doiciméid a iarrtar istigh leis.Tabhair faoi deara go measfar an t-iarratas a bheith easnamhach mura mbeidh gach ceann de na doiciméid a iarrtar istigh leis.

Má bhíonn aon cheist eile agat, déan teagmháil le:

**Rannóg Earcaíochta GRETB - 091- 874573/091 874572/091 874546/091 874570/091 874523 nó seol ríomhphost chuig** recruitment@gretb.ie

## SONRAÍ AN DUINE:

**Riachtanais maidir le Cáilíochtaí agus Incháilitheacht:**

**Cáilíochtaí:**

- Ní mór d'iarratasóirí na riachtanais ghinearálta agus shonracha a chomhlíonadh don ábhar/ábhair atá fógraithe, arna leagan amach ó am go chéile ag Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann. Tá tuilleadh sonraí agus liosta iomlán na gcáilíochtaí aitheanta ar fáil ar www.teachingcouncil.ie

- Féadfaidh daoine atá sa bhliain deiridh dá gcéim/dioplóma iarchéime a mbeidh cáiliocht mhúinteoireachta mar thoradh air ach nach bhfuil na scrúduithe deiridh déanta acu agus/nó a gcuid torthaí faighte acu cur isteach ar na poist atá atá fógraithe faoi réir na gcoinníollacha maidir le clárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta arna leagan amach thíos. Beidh aon chuireadh chuig agallamh nó tairiscint fostaíochta faoi réir ag torthaí an iarratasóra a bheith comhlíontach le riachtanais an fholúntais.

- Éilítear ar iarratasóirí ar na folúntais a d'fhéadfadh teacht chun cinn inár Scoileanna Gaeltachta /Gaelcholáistí an Ceard Teastas Gaeilge a bheith acu, nó an Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iarbhunscoile nó an riachtanas Gaeilge a chomhlíonadh arna shonrú i gCiorclán 21/00 de chuid na Roinne Oideachais agus Óige.

**Clárú le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann (Riachtanach):**

- Ní mór d'iarratasóirí clárúchán reatha a bheith acu le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann.

- Tabharfaidh iarratasóirí ar aird Teastas Clárúcháin reatha, nó dearbhú go bhfuiltear cláraithe.

- Déanfar breithniú ar iarratasóirí a cáilíodh le gairid agus (i) a bhfuil a gcuid cáiliochtaí san áireamh ar liosta na gcáilíochtaí aitheanta de chuid na Comhairle Mhúinteoireachta agus (ii) atá in ann a chruthú go bhfuil iarratas clárúcháin déanta acu ar an gComhairle Mhúinteoireachta a chur ar an ngearrliosta do na poist atá fógraithe.

- Ní ghlacfar ach le dearbhú i scríbhinn nó i bhfoirm ríomhphoist ón gComhairle Mhúinteoireachta go bhfuarthas iarratas clárúcháin an iarratasóra mar chruthúnas go bhfuil iarratas déanta. Ní leor mar chruthúnús go bhfuil iarratas déanta an litir ón gComhairle Mhúinteoireachta ina ndearbhaítear go bhfuil Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána faighte ag an iarratasóir.

**Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**

Moltar d'iarratasóirí a n-iarratas ar an gComhairle Mhúinteoireachta a dhéanamh ar a laghad 3 mhí sula lorgaíonn siad fostaíocht chun a chinntiú gur féidir a nGrinnfhiosrúchán ón nGarda Síochána a shocrú agus a phróiseáil go tráthúil.

Pointí Tábhachtacha

- Ní ceadmhach d'aon mhúinteoir glacadh le post gan grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith faighte aige/aici. Mura mbeidh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána faighte ag iarratasóir faoin am a bhfuil an poist le tosú, tarraingeofar an tairiscint fostaíochta siar.

- Ní mór d’aon duine a cheaptar do phost múinteoireachta Dearbhú Reachtúil maidir le cosaint leanaí a chur ar fáil chomh maith le Gealltanas gaolmhar, murar cuireadh ceann ar fáil sa bhliain féilire roimhe sin.

**Imréiteach Póilíní Thar Lear**

- Ní mór d’aon iarratasóirí a raibh cónaí air/uirthi lasmuigh d’Éirinn ar feadh 6 mhí nó níos mó cóip d’Imréiteach Póilíní Thar Lear a thabhairt ar aird do gach tír ina raibh cónaí air/uirthi.

**Cead Oibre in Éirinn**

- Ní mór do gach iarratasóir a bheith i dteideal oibriú in Éirinn. Ní mór cead oibre bailí ag bheith ag saoránaigh neamh-LEE (mura bhfuiltear díolmhaithe) agus ní mór dóibh doiciméid bhunaidh maidir leis sin a thabhairt ar aird.

**PRÍOMHSCILEANNA, EOLAS AGUS INNIÚLACHTAÍ DON RÓL MAR MHÚINTEOIR IARBHUNSCOILE**

Déanfar iarratasóirí a mheas ag an agallamh bunaithe ar an bhfianaise a thugtar maidir lena scileanna, eolas agus inniúlachtaí sna réimsí arna liostú thíos. Tá tuilleadh sonraí maidir le gach ceann de na réimsí sin ar fáil thíos faoi “Cur Síos ar Phost an Mhúinteora”.

- Teagasc agus Foghlaim
- Measúnú
- Bainistiú an tSeomra Ranga agus na Timpeallachta Foghlama
- Cumarsáid
- Forbairt & Cleachtas Gairmiúil
- Pleanáil

## Cur Síos ar Phost an Mhúinteora GRETB

Is ar an Teagasc agus an Fhoghlaim atá an scoil dírithe go príomha. Éascaíonn teagasc maith an fhoghlaim, dul chun cinn agus taitneamh, agus is é an ghné is tábhachtaí é maidir le caighdeáin a ardú. Tá sé mar aidhm againn, mar sin, a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach scoláire ar oideachas ar ardchaighdeán a ligfidh dóibh a lánacmhainneacht foghlama a bhaint amach. Is mian linn cultúr scoile a fhorbairt ina bhfuil na múinteoirí féin ina bhfoghlaimeoirí fiosracha agus ina ngabhann siad le cleachtas machnamhach. Tabharfar tacaíocht iomlán dóibh a gcleachtas gairmiúil a mheas agus a fhorbairt ar bhonn leanúnach.

**Teagasc agus Foghlaim**
Ba cheart do mhúinteoirí a ndícheall a dhéanamh i gcónaí ceachtanna den scoth a thabhairt dá scoláirí ar bhonn comhsheasmhach trí:

- Athnuachan rialta a dhéanamh ar a n-eolas ábhair, a dtuiscint ar na cúrsaí atá á seachadadh acu a fhorbairt agus úsáid a bhaint as tionscnaimh reatha teagaisc agus foghlama le go mbeifí in ann a saineolas a roinnt le scoláirí chun iad a spreagadh, a ndúshlán a thabhairt agus a ndul chun cinn a chinntiú

- Cinntiú go mbaineann siad úsáid as sonraí maidir lena bhfuil bainte amach acu cheana agus sonraí eile le go mbeidh siad ar an eolas maidir le cumais agus riachtanais foghlama shonracha gach scoláire ina gcuid ranganna, rud a fhágann go mbeidh siad in an ceachtanna a phleanáil, gníomhaíochtaí a idirdhealú agus tacaíocht a úsáid go cuí agus a chinntíonn go mbeidh scoláirí in ann rochtain a fháil ar an gcuraclam agus dul chun cinn maith a dhéanamh beag beann ar a gcumas

- Ceachtanna struchtúrtha a bhfuil luas maith leo a phleanáil a gcuimsítear leo réimse leathan gníomhaíochtaí agus acmhainní, lena n-áirítear úsáid teicneolaíochta sa chás gur cuí chun go gcoinneofaí rannpháirtíocht, aird, spreagadh agus dúthracht na scoláirí.

- Cuspóirí foghlama atá soiléir agus dúshlánach a shocrú atá nasctha le curaclaim ábhair, agus cinntiú go roinntear na cuspóirí sin le scoláirí agus go ndéantar athbhreithniú orthu i rith an cheachta le go mbeidh scoláirí in ann glacadh le níos mó freagrachta as a ndul chun cinn féin ina dtreo a chinntiú

- Tuiscint na scoláirí a sheiceáil go héifeachtach i rith an cheachta trí úsáid a bhaint as réimse leathan teicnicí do mheasúnuithe múnlaitheacha agus a bheith ag coinne leis na cásanna siúd inar cheart dóibh idirghabháil a dhéanamh, agus tabhairt faoin idirghabháil sin ar bhealach a fhágann go bhfuil tionchar suntasach aici ar chaighdeán na foghlama

- Éascaíocht a dhéanamh do dhaltaí freagracht a ghlacadh as a bhfoghlaim féin, agus deiseanna a thabhairt dóibh oibriú go neamhspleách agus i gcomhar le piaraí

- Atmaisféar foghlama dearfach agus táirgiúil a shocrú ina léiríonn scoláirí meonta maithe maidir lena gcuid oibre agus ina bhfuil meas ceachtartha idir múinteoirí agus piaraí

- Teagmhais dhísmachta a bhainistiú go staidéarach, agus na pionóis atá leagtha amch i gCód Iompair na scoile a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus scoláirí a mholadh agus a n-iompar dearfach a atreisiú le go gcothófaí féinmheas, spreagadh agus muinín

- Aiseolas mionsonraithe a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí go rialta, ó bhéal agus trí mheasúnuithe múnlaitheacha le go mbeidh siad ar an eolas faoina bhfuil bainte amach acu agus faoin bhfuil rompu chun leanúint leis an dul chun cinn

**Forbairt Ghairmiúil Leanúnach**

Táthar ag súil go nglacfaidh gach múinteoir páirt i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach sa scoil féin, leis an ETB agus leis sin atá sainordaithe go náisiúnta

An aidhm atá againn tacú le múinteoirí a bheith i mbun teagaisc agus foghlama den chéad scoth trí:

- Oiliúint ar ardchaighdeán a chur ar fáil sa scoil féin a dhíríonn gach bliain ar ghné faoi leith den teagasc agus den fhoghlaim agus ag an am céanna cinntiú go bhfuil conairí forbartha gairmiúla pearsantaithe ar fáil le go mbeidh baill foirne in ann a spriocanna CDP pearsanta arna leagan amach ag tús na bliana a bhaint amach

- Deiseanna a eagrú do chomhghleacaithe oibriú i gcomhar chun dea-chleachtas a roinnt, laistigh den scoil féin agus, sa chás gur cuí, le baill foirne i scoileanna áitiúla eile

- Ligean do chomhghleacaithe freastal ar oiliúint sheachtrach atá nasctha go sonrach lena spriocanna pearsanta CPD nó le Tosaíochtaí Feabhsúcháin Ábhair

- Spreagadh a thabhairt do chomhghleacaithe úsáid a bhaint as piar-bhreathnóireacht nó teicneolaíocht físe chun an teagasc agus an fhoghlaim ina seomra ranga a mheas

- Cóitseáil agus meantóireacht a chur ar fáil nuair is cuí

- Grúpa teagaisc & foghlama a bhunú a choinneoidh ar an eolas maidir leis na tionscnaimh is deireanaí i dteagasc agus foghlaim, agus an taighde is úrnua; triail a bhaint as smaointe nua sa seomra ranga, a dtionchar a mheas agus a bhfuil faighte amach acu fúthu a roinnt lena gcomhghleacaithe

**Feabhsúchán Scoile**
Féachfaidh an Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach agus na Ceannairí Ábhair le hoibriú le chéile chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a bhfuil á soláthar againn agus ar ár gcleachtas chun a chinntiú go mbeidh an teagasc agus an fhoghlaim ar an gcaighdeán is airde. Bainfimid úsáid as próiseas Féinmheasúnaithe na Scoile mar bhealach chun tacú le comhghleacaithe feabhas a chur orthu féin le go mbeidh siad in ann feidhmiú ag leibhéal ard laistigh den scoil.

Cuirimid sceideal láidir i dtoll a chéile chun tacú leis an bpróiseas féinmheasúnaithe sin a n-éileofar ar gach múinteoir a bheith páirteach ann:

- Tiocfaidh Ceannairí Ábhair le chéile, ar a laghad uair sa mhí, leis an bhFoireann Ceannaireachta Shinsearach chun clár oibre a aontú

- Tabharfaidh na réimsí ábhair faoi fhéinmheasúnú ar theagasc agus ar fhoghlaim ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana

- Lorgóidh na réimsí ábhair tuairimí na scoláirí ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana agus glacfaidh siad le haiseolas leanúnach neamhfhoirmeálta mar chuid de theagasc agus foghlaim

- Déanfaidh an Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach agus na ceannairí ábhair measúnú intí ar gach réimse ábhair uair amháin ar a laghad gach dá bhliain mar chuid dá ngnáthaimh féinmheasúnaithe scoile

- Déanfaidh ball den Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach breathnóireacht fhoirmeálta ar mhúinteoirí ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana

- Beidh deis ag gach múinteoir breathnóireacht a dhéanamh ar chomhghleacaí ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana.

**Tréadchúram**

D'fhéadfaí iarraidh ar mhúinteoirí chomh maith feidhmiú mar Chaomhnóir Ranga chun cabhrú le forbairt phearsanta gach linbh agus monatóireacht a dhéanamh ar leas na scoláirí agus ar ghnóthachtáil acadúil.